C/2026/2125

10.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12339 — PERMIRA / WARBURG PINCUS / CLEARWATER ANALYTICS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2125)

1. An 26 Márta 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ('Permira', Geansaí),

— Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Clearwater Analytics Holdings, Inc. ('Clearwater Analytics', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Permira agus Warburg Pincus rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Clearwater Analytics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Permira: is gnólacht cothromais phríobháidigh é a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar do roinnt cistí infheistíochta,

— Warburg Pincus: is gnólacht cothromais phríobháidigh é atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an earnáil tomhaltóirí, fuinnimh, seirbhísí airgeadais, cúraim sláinte, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus an earnáil teicneolaíochta, meán agus teileachumarsáide,

— Clearwater Analytics: is cuideachta 'bogearraí mar sheirbhís' é a sholáthraíonn réitigh bogearraí uathoibrithe néalbhunaithe d'infheisteoirí chun sonraí infheistíochta a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12339 — PERMIRA / WARBURG PINCUS / CLEARWATER ANALYTICS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË